Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2017**

# STAIDÉAR GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ MÁIRT 13 MEITHEAMH 2017 – MAIDIN 9.30-12.00

## ROINN B

**(300 marc)**

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- Freagair **cúig** cheist ar bith.
- Bronnfar marcanna ar an obair, ar an leagan amach agus ar an gcur i láthair.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh**.
*(Le comhlánú ar Leathanach 9 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Seo thíos buiséad theaghlach Uí Fhathaigh do cheithre mhí, ó mhí Iúil go Deireadh Fómhair 2017.

Is é an tAirgead ar Láimh Tosaigh ná €750.

**Ioncam Pleanáilte**:

- Tuilleann Máire Uí Fhathaigh €2,100 glanphá in aghaidh na míosa.
- Tuilleann Seán Ó Fathaigh €1,950 glanphá in aghaidh na míosa agus measann sé go mbeidh **ardú** de €280 in aghaidh na míosa air sin ó 1 Meán Fómhair 2017.
- Is é €140 in aghaidh na míosa an sochar leanaí atá acu agus tiocfaidh **ardú** go €280 in aghaidh na míosa air sin ó 1 Meán Fómhair 2017.

**Caiteachas Pleanáilte**:

- Is é an cíos tí ná €1,425 in aghaidh na míosa.
- Is é an phréimh árachas tí ná €480 in aghaidh na bliana, iníoctha **go míosúil** ó 1 Iúil 2017.
- Íocann teaghlach Uí Fhathaigh préimh árachas sláinte de €290 in aghaidh na míosa. **Méadófar** í seo go €350 in aghaidh na míosa ó 1 Lúnasa 2017.
- Meastar gur €650 in aghaidh na míosa a bheidh ar chostais teaghlaigh ach **méadóidh** siad de €100 in aghaidh na míosa ó 1 Deireadh Fómhair 2017.
- Meastar gur €230 in aghaidh na míosa a bheidh ar chostais ghluaisteáin ach **méadóidh** siad go €290 in aghaidh na míosa ó 1 Meán Fómhair 2017.
- Meastar go mbeidh billí faoi choinne solais agus teasa de €135 ann i mí Lúnasa agus de €285 i mí Dheireadh Fómhair.
- Meastar go mbeidh costais oideachais de €850 ann i mí Lúnasa agus de €250 i mí Mheán Fómhair.
- Beidh billí teileafóin de €60 in aghaidh na míosa ann faoi choinne na bhfón póca.
- Meastar go gcosnóidh siamsaíocht €350 in aghaidh na míosa ach **laghdóidh** sin go €200 in aghaidh na míosa ó 1 Meán Fómhair 2017.
- Táthar ag súil le coigilteas de €200 a dhéanamh in aghaidh na míosa, ag tosú ó 1 Iúil 2017, do shaoire i mí an Mheithimh 2018.

**(A)** Comhlánaigh an fhoirm bhán do Bhuiséad Teaghlaigh *(ar leathanach 9 den Leabhrán)* agus bain úsáid as na figiúirí uile thuas. (50)

**(B)** In ionad teach a thógáil ar cíos, tá teaghlach Uí Fhathaigh ag súil le morgáiste a fháil chun teach nua a cheannach. Ar bhonn an bhuiséid chomhlánaithe do cheithre mhí, an bhfuil sé d'acmhainn ag an teaghlach aisíocaíochtaí morgáiste de €1,700 in aghaidh na míosa a dhéanamh? Mínigh do fhreagra *(sa spás atá ar fáil ar leathanach 9 den Leabhrán.)* (5)

**(C)** Tá teaghlach Uí Fhathaigh ag coigilt do shaoire i mí an Mheithimh 2018. Ríomh cé mhéad a bheidh coigilte ag an teaghlach faoi 31 Nollaig 2017. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. *(Freagair ar leathanach 9 den Leabhrán.)* (5)

**(60 marc)**

**2.** **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe**.
*(Le comhlánú ar Leathanaigh 10 agus 11 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo***:

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair Fuinseog Teo ar an 31 Nollaig 2016, deireadh na bliana airgeadais. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 550,000 gnáthscair ar €1 an ceann.

| **Comhardú Trialach de chuid Fuinseog Teo mar a bhí ar an 31 Nollaig 2016** | **Dr** | **Sr** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin ar Airgead Síos | | 424,000 |
| Ceannacháin ar Airgead Síos | 136,000 | |
| Carraeireacht Isteach | 14,000 | |
| Stoc Tosaigh ar 1 Eanáir 2016 | 27,800 | |
| Pá | 72,000 | |
| Fógraíocht | 14,700 | |
| Árachas | 8,500 | |
| Ús ar Rótharraingt Bhainc | 2,400 | |
| Teileafón | 2,900 | |
| Díbhinn Íoctha | 21,000 | |
| Rótharraingt Bhainc | | 29,000 |
| Airgead ar Láimh | 2,700 | |
| Scairchaipiteal Eisithe | | 420,000 |
| Foirgnimh | 260,000 | |
| Innealra | 125,000 | |
| Mótarfheithiclí | 186,000 | |
| | 873,000 | 873,000 |

Ba é an Stoc Deiridh ar an 31 Nollaig 2016 ná €45,000.

**(A)** Ó na figiúirí thuas, ullmhaigh:

(i) **Cuntas Trádála, Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** do Fuinseog Teo don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016. *(Freagair ar leathanach 10 den Leabhrán.)*

(ii) **Clár Comhardaithe** mar a bhí ar an 31 Nollaig 2016. *(Freagair ar leathanach 11 den Leabhrán).*

(45)

**(B)** (i) Mínigh an téarma 'Rótharraingt Bhainc' sa Chomhardú Trialach thuas. *(Freagair ar leathanach 11 den Leabhrán.)*

(ii) Ríomh Ráta na Díbhinne Íoctha mar chéatadán den Scairchaipiteal Eisithe, agus bain úsáid as an bhfoirmle seo:

$$\frac{\text{Díbhinn Íoctha}}{\text{Scairchaipiteal Eisithe}} \times \frac{100}{1}$$

Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. *(Freagair ar leathanach 11 den Leabhrán.)* (15)

**(60 marc)**

**3.** **Baineann an cheist seo le bunú Gnólachta Nua agus le Litir a Scríobh**.
*(Le comhlánú ar Leathanaigh 12 agus 13 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo***:

Tá cónaí ar Thomás agus Síle Ó hÓgáin ar Bhóthar an Phortaigh Léith, Ceatharlach. Tá cinneadh déanta acu gnólacht glanta tithe a bhunú. De réir a gcuid taighde, tá neart daoine ann atá ag ligean árasán agus tithe ar cíos d'oibrithe, do mhic léinn agus do thurasóirí a bhféadfadh go mbeadh a seirbhís de dhíth orthu.



Ba mhaith leo cuideachta phríobháideach theoranta a bhunú faoin ainm **Nuaghlan Teo**.

Rinne siad teagmháil le Máire Ní Cheallaigh, Comhairleoir Gnó, Radharc na Cromleice, Ceatharlach, le comhairle a fháil maidir le cuideachta phríobháideach theoranta a bhunú.

Scríobh Máire ar ais chuig Tomás agus Síle ar 13 Meitheamh 2017. Sa litir ghabh sí buíochas leo as comhairle a iarraidh uirthi. Luaigh sí **dhá** bhuntáiste a ghabhann le cuideachta phríobháideach theoranta a bhunú. Thairg sí bualadh leo ina hoifig i Radharc na Cromleice ag 10.00 am ar 20 Meitheamh 2017, chun bunú cuideachta a phlé go mionsonraithe. Luaigh sí go gcosnódh a comhairle €250.

**(A)** Scríobh an litir a chuir Máire Ní Cheallaigh chuig Tomás agus Síle Ó hÓgáin ar 13 Meitheamh 2017. *(Freagair sa spás atá ar fáil ar leathanach 12 den Leabhrán.)* (40)

**(B)** Sna spásanna atá ar fáil *(ar leathanach 13 den Leabhrán Scrúdaithe)* ainmnigh an **dá** cheann de na cúig dhoiciméad seo a leanas a bhíonn ag teastáil nuair a bhíonn Cuideachta Phríobháideach Theoranta á bunú:

RÁITEAS CUNTAIS
AIRTEAGAIL CHOMHLACHAIS
FOIRM THOGRA
MEABHRÁN COMHLACHAIS
LUACHAN

(8)

**(C)** Nuair a bhunóidh siad cuideachta, tá sé i gceist ag Tomás agus Síle veain a cheannach a chosnóidh €24,000, mar aon le sraith dréimirí a chosnóidh €1,750, folúsghlantóir tionsclaíoch a chosnóidh €2,850 agus píobán cumhachta a chosnóidh €1,400. Tá €10,000 coigilte acu i gcuntas bainc faiona gcoinne sin.

(i) Cé mhéad a chaithfidh siad a fháil ar iasacht chun iad a cheannach?
Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. *(Freagair ar leathanach 13 den Leabhrán.)*

(ii) Má thugann an banc iasacht dóibh ar ráta 8% in aghaidh na bliana, ríomh cé mhéad úis a bheidh le híoc acu sa chéad bhliain den iasacht.
Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. *(Freagair ar leathanach 13 den Leabhrán.)*

(12)
**(60 marc)**

**4.** **Baineann an cheist seo le cúrsaí Pá agus le Fostaíocht**.
*(Le comhlánú ar Leathanaigh 14 agus 15 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

**(A)** Baineann na téarmaí seo go léir le cúrsaí pá:

- Asbhaintí Reachtúla
- Tascráta
- Coimisiún
- Sochar Comhchineáil
- Amráta

Mínigh **trí cinn** de na téarmaí thuas.
*(Freagair ar leathanach 14 den Leabhrán.)* (18)

**(B)** Tá Móna Bhreathnach fostaithe mar Oifigeach Cuntas i Saol an Fhaisin Teo. Is é a gnáthsheachtain oibre ná 34 uair an chloig. Má dhéanann sí obair bhreise, faigheann sí pá ragoibre de réir ráta am go leith.

Seo a leanas duillín pá Mhóna i gcomhair 19 Bealtaine 2017:

| Fostaí Uimh. 15 | **Móna Bhreathnach** | | Seachtain 20 | Dáta: 19 Bealtaine 2017 | |
|---|---|---|---|---|---|
| PÁ: | € | ASBHAINTÍ: | | € | **Saol an Fhaisin Teo** |
| BUNPHÁ | 544.00 | ÍMAT | | 77.07 | |
| RAGOBAIR | 168.00 | ÁSPC | | 49.84 | |
| | | SCÉIM ROTHAÍOCHTA | | 15.00 | GLANPHÁ |
| OLLPHÁ | 712.00 | ASBHAINTÍ IOMLÁNA | | 141.91 | €570.09 |

*Freagair na ceisteanna go léir i gCuid (B) sna spásanna atá ar fáil ar leathanach 14 den Leabhrán.*
Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre i ngach cás.

(i) Ón duillín pá thuas, ríomh an bunphá in aghaidh na huaire atá ag Móna Bhreathnach.
(ii) Ríomh cé mhéad a thuilleann sí as uair amháin ragoibre.
(iii) Ríomh an líon uaireanta an chloig ragoibre a d'oibrigh sí i Seachtain 20. (10)

**(C)** An tseachtain dár gcionn d'oibrigh Móna ar feadh 42 uair an chloig. Rinneadh €94.86 a asbhaint mar ÍMAT agus 7% dá hollphá a asbhaint mar ÁSPC. Ní raibh aon athrú ar a bunphá ná ar an asbhaint don Scéim Rothaíocht chun na hOibre.

Bain úsáid as an eolas seo agus comhlánaigh a duillín pá do Sheachtain 21 *(ar leathanach 15 den Leabhrán).* (20)

**(D)** Mínigh **dhá** cheart atá ag Móna agus **dhá** fhreagracht atá uirthi mar fhostaí i Saol an Fhaisin Teo. *(Freagair ar leathanach 15 den Leabhrán.)* (12)

**(60 marc)**

| 5. | **Ceist í seo a bhaineann le Doiciméid Ghnó**.<br>*(Le comhlánú ar Leathanach 16 agus 17 den Leabhrán Scrúdaithe)* |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Is í Rita Ní Mhuirí an Bainisteoir Ceannachán ag Cistineacha Teo, siopa trealamh cistineacha.
Ar an 23 Márta 2017, fuair sí an Luachan seo a leanas ó Earraí Tí Teo:

# Earraí Tí Teo

**Luachan Uimh. 663**

Eastát an Radhairc Bhreá, Mala, Co. Chorcaí

Teileafón: 021-4831758
ríomhphost: earraítí@gmail.com
Cláruimhir CBL: IE6239745

21 Márta 2017

Bainisteoir Ceannachán
Cistineacha Teo
An tSráid Mhór
An tAonach
Co. Thiobraid Árann

| UIMHIR MHÚNLA | TUAIRISC | PRAGHAS AN CEANN | SEACHADADH |
|---|---|---|---|
| MO255 | Micreathonnáin | €55.00 | Réidh |
| ST177 | Tóstaeir Cheapairí | €20.00 | Réidh |
| SC413 | Cócaireáin Mhalla | €25.00 | Réidh |
| DF820 | Domhainfhriochtáin | €40.00 | Réidh |

Lascaine Thrádála 30% ar gach earra
CBL 20% ar gach earra
Carraeireacht Íoctha
Luachann bailí go ceann 30 lá

Cinneann Rita na hearraí seo a leanas a ordú (Ordú Uimh. 230) ó Earraí Tí Teo ar 24 Márta 2017:

**40 Micreathonnán** **80 Cócaireáin Mall** **60 Domhainfhriochtán**

Seachadtar na hearraí seo ar leoraí ar 26 Márta 2017. Tugann an tiománaí Sonrasc Uimh. 420 do Rita.

**(A)** (i) Ó na sonraí thuas, comhlánaigh an Sonrasc bán Uimh. 420
*(ar leathanach 16 den Leabhrán).*

(ii) Luaigh cúis **amháin** gur doiciméad tábhachtach é sonrasc.
*(Freagair ar Leathanach 17 den Leabhrán)*

(36)

**(B)** Ansin scríobhann Rita seic (Uimh. 74325), dar dáta 26 Márta 2017 agus sínithe aici féin ar son Cistineacha Teo, mar íocaíocht iomlán ar na hearraí. Tugann sí don tiománaí é le tabhairt ar ais go dtí Earraí Tí Teo. Comhlánaigh an seic agus an comhdhuille ar an doiciméad bán atá ar fáil *(ar leathanach 17 den Leabhrán).* (15)

**(C)** Iontráil an íocaíocht seic i gcuntas bainc Cistineacha Teo.
*(Ná húsáid ach ceann amháin de na Cuntais Bhainc ar leathanach 17 den Leabhrán).* (9)

**(60 marc)**

**6.** **Ceist í seo faoi Chuntas Club**.
*(Le comhlánú ar Leathanaigh 18 agus 19 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Úsáideann Club Imir Galf Dhá Mhaide Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí Anailísithe (Leabhar Airgid Anailísithe).

- Ritheann an Club comórtais dá bhaill agus eagraíonn sé crannchur chun cistí a chruinniú.
- Lóisteáiltear pé airgead a fhaightear i gcuntas reatha bainc an lá céanna.
- Déantar gach íocaíocht le seic.
- Is déantóir clubanna gailf é Amasán Teo, urraitheoir an chlub.
- Is é táille bhallraíochta bhliantúil an Chlub ná €150.



Ar 1 Bealtaine 2017, bhí iarmhéid de €860 ag an gClub sa bhanc.

Seo iad na bearta a bhí ag an gClub i rith mhí na Bealtaine 2017:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Beal. 2 | Fuarthas táillí bhallríochta bhliantúil ó 40 ball | | |
| 4 | Íocadh as duaiseanna comórtais | €600 | *Seic Uimh. 34* |
| 5 | Urraíocht ó Amasán Teo | €1,000 | |
| 7 | Fuarthas táillí iontrála comórtais | €825 | |
| 8 | Íocadh as duaiseanna crannchuir | €1,400 | *Seic Uimh. 35* |
| 9 | Íocadh as póstaeir fhógraíochta don chrannchur | €190 | *Seic Uimh. 36* |
| 10 | Fuarthas ar thicéid chrannchuir a díoladh | €785 | |
| 12 | Íocadh pá le feighlithe cúrsa | €1,150 | *Seic Uimh. 37* |
| 16 | Fuarthas táillí bhallríochta bhliantúil ó 60 ball | | |
| 17 | Íocadh as deisiúcháin ar lomaire plásóige | €400 | *Seic Uimh. 38* |
| 19 | Íocadh as trófaithe comórtais | €650 | *Seic Uimh. 39* |
| 21 | Fuarthas táillí iontrála comórtais | €950 | |
| 23 | Fuarthas ar thicéid chrannchuir a díoladh | €925 | |
| 26 | Íocadh pá le feighlithe cúrsa | €1,200 | *Seic Uimh. 40* |

**(A)** Breac go hiomlán Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí Anailísithe (Leabhar Airgid Anailísithe) Chlub Imir Galf Dhá Mhaide do mhí na Bealtaine 2017 *(ar leathanach 18 den Leabhrán)*.

Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas ar na colúin airgid:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Taobh an Dr**. **(Fáltais)**: | Banc | Comórtais | Crannchur | Urraitheoirí | Táillí Ballraíochta |
| **Taobh an tSr**. **(Íocaíochtaí)**: | Banc | Comórtais | Crannchur | Pá | Deisiúcháin |

Suimigh gach colún anailíse agus comhardaigh na Colúin Bhainc ag deireadh na Bealtaine. (44)

**(B)** Ríomh an barrachas nó easnamh a rinne an club tar éis an crannchur a eagrú i mí na Bealtaine. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre *(ar leathanach 19 den Leabhrán).* (8)

**(C)** (i) Mínigh an téarma 'urraíocht'.

(ii) Luaigh cúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag Amasán Teo le hurraíocht a dhéanamh ar Chlub Imir Galf Dhá Mhaide. *(Freagair ar Leathanach 19 den Leabhrán).* (8)

**(60 marc)**

**7.** **Ceist í seo a bhaineann le Buiséad Náisiúnta agus Eacnamaíocht**.
*(Le comhlánú ar Leathanaigh 20 agus 21 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Easpórtálann Agraítháirgí Teo glasraí pacáilte go dtí óstáin i sé chathair sa Ríocht Aontaithe.
Sa mbliain 2016, bhí na heaspórtálacha seo thíos ag an gcuideachta (taispeántar na figiúirí ina mílte):

| **Easpórtálacha** | **€'000** |
|---|---|
| Leeds | 6 |
| Manchester | 12 |
| Liverpool | 8 |
| London | 18 |
| Birmingham | 10 |



**(A)** (i) Taispeáin na figiúirí thuas le Barrachairt.
*(Freagair ar leathanach 20 den Leabhrán.)*

(ii) Ríomh easpórtálacha iomlána Agratháirgí Teo go dtí an Ríocht Aontaithe don bhliain 2016. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre.
*(Freagair ar leathanach 20 den Leabhrán.)*

(iii) Seachas Éire, ainmnigh **trí** thír atá i limistéar an euro.
*(Freagair ar leathanach 20 den Leabhrán.)*

(30)

**(B)** (i) Luaigh **dhá** chúis a mbíonn Éire ag trádáil le tíortha eile.
*(Freagair ar leathanach 21 den Leabhrán.)*

(ii) Ainmnigh **dhá** chineál earraí, seachas táirgí bia, a easpórtáiltear as Éirinn.
*(Freagair ar leathanach 21 den Leabhrán.)*

(iii) Mínigh **dhá** dheacracht a d'fhéadfadh a bheith ag Agratháirgí Teo más mian leis glasraí pacáilte a easpórtáil go dtí an tSeapáin.
*(Freagair ar leathanach 21 den Leabhrán.)*

(24)

**(C)** Is bainisteoir díolachán in Agratháirgí Teo é Seán Ó Cionnaith. Faigheann sé dréacht bainc de £1,790.46 (steirling) ó chustaiméir i Leeds. Más é €1 = £0.87 an Ráta Malairte, ríomh an méid euro a gheobhaidh sé nuair a bhrisfidh sé an dréacht bainc ina bhanc áitiúil.
Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. *(Freagair ar leathanach 21 den Leabhrán.)*

(6)
**(60 marc)**

**8.** **Ceist í seo a bhaineann le hÁrachas**
*(Le comhlánú ar Leathanaigh 22 agus 23 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Tá cónaí ar Phroinsias Ó Maonaigh ag 12 Lána Bhaile na hAbhann, Cill Chainnigh. Is í 056 643421 a uimhir theileafóin. Is fiaclóir é Proinsias agus beidh sé 37 bliana d'aois ar an 13 Lúnasa 2017. Tá láncheadúnas tiomána aige ó 2012 ach tá sé ag tiomáint cairr ó bhí sé 21 bliana d'aois. Nissan Pulsar, ar fiú €18,000 é, atá aige faoi láthair. Is é a chláruimhir ná 141 KK 3940. Is mian le Proinsias mótarárachas cuimsitheach ag tosú ar 1 Iúil 2017 a fháil ó Árachas na Scéithe Teo. Faoi láthair tá árachas aige le Carrárachas Luachan Sciobtha Teo. Rinne sé éileamh €4,500 i 2013 de bharr damáiste dá charr nuair a bhuail sé faoi fhia ar bhóthar dorcha. Gearradh trí phointe pionóis air as a fhón póca a úsáid agus é ag tiomáint. Comhlánaíonn sé foirm thogra ar an 8 Meitheamh 2017.

**(A)** Comhlánaigh foirm thogra Phroinsias le haghaidh mótarárachais.
*(Bain úsáid as an bhfoirm thogra bhán atá ar fáil ar leathanach 22 den Leabhrán).* (22)

**(B)** Is fiú €290,000 teach Phroinsias agus is fiú €60,000 an t-inneachar. Ta aláram buirgléireachta aige ar an teach. Ar 5 Meitheamh 2017, fuair sé an luachan árachais seo thíos ó Árachas Sócmhainní Teo:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | €35.00 an €10,000 |
| Inneachar | €9.00 an €1,000 |
| Aláram Buirgléireachta Suiteáilte | Lascaine 8% |



(i) Bain úsáid as an eolas sa luachan árachais thuas agus ríomh an costas iomlán glan ar árachas do theach Phroinsias Uí Mhaonaigh agus dá inneachar. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. *(Freagair ar leathanach 23 den Leabhrán).*

(i) Luaigh teideal an duine sa chuideachta árachais a ríomhann an phréimh *(sa spás atá ar fáil ar leathanach 23 den Leabhrán)*.

(iii) Ghlac Proinsias leis an luachan thuas agus d'íoc sé an méid iomlán ar líne le hÁrachas Sócmhainní Teo lena chárta dochair Visa. Chuir Árachas Sócmhainní Teo Admháil (Uimh. 612), sínithe ag Michelle de Faoite, chuig Phroinsias ar 8 Meitheamh 2017. Comhlánaigh an Admháil agus úsáid an doiciméad bán atá ar fáil *(ar leathanach 23 den Leabhrán)*. (30)

**(C)** I **ngach** spás bán atá ar fáil *(ar leathanach 23 den Leabhrán)*, breac an téarma ceart as an liosta seo a leanas do gach ceann de na míniúcháin thíos:

CÚITEAMH POLASAÍ MEASÚNÓIR RIOSCA SLÁNAÍOCHT

*(Tá téarma amháin thuas nach mbaineann le míniúchán ar bith thíos.)*

| | **MÍNIÚCHÁN** |
|---|---|
| (i) | Tá sonraí chonradh an árachais scríofa ann. |
| (ii) | Dóchúlacht chaillteanais. |
| (iii) | Ní ceadmhach brabús a dhéanamh as árachas. |
| (iv) | An t-airgead a íoctar nuair a dhéantar éileamh. |

(8)
**(60 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán